

Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí - Feabhra 2022



@jct_RE



www.jct.ie



info@jct.ie

Chomhghleacaithe an OR

Fáilte romhaibh chuig eagrán mhí Feabhra de nuachtlitir OR na Sraithe Sóisearaí. Tá tús curtha lenár gcnuaslaethanta OR agus is iontach an oiread sin aiseolas dearfach a chloisteáil ó mhúinteoirí a roinneann a dtaithe ar OR na Sraithe Sóisearaí ar na laethanta sin. An mhí seo táimid ag díriú ar phrionsabal na Sraithe Sóisearaí *Ag Foghlaim conas Foghlaim*. Tá nuashonrú spreagúil againn freisin faoinár gcomhoibriú le Leabharlann Chester Beatty.

Imeachtaí agus ceiliúrthaí mhí Feabhra atá le teacht ar an bhféilire idirchreidimh:

1ú Lá Fhéile Bríde - An Chríostaíocht

1ú Lá Domhanda Hijab

14ú Lá Fhéile Vailintín - An Chríostaíocht

15ú Lá Nirvana - Búdachas

Lá Cnuasaigh FGL 2022

Leanann ár laethanta cnuasaigh FGL ar aghaidh go dtí deireadh mhí an Mhárta, áit a ndéanfaimid iniúchadh breise ar an measúnú in OR na Sraithe Sóisearaí. Is treoir é an físeán seo a leanas maidir le hullmhú do do chnuaslá ar líne:

https://www.youtube.com/watch?v=sePOmOH_xTk. Más mian leat an leabhrán a phriontáil roimh ré nó má bhí tú linn cheana féin agus más mian leat an t-ábhar a athbhreithniú, gheobhaidh tú ár n-ábhar go léir anseo:


https://www.jct.ie/religious_education/cpd_works_hops_2021_2022

Scrúduithe CSS na Sraithe Sóisearaí

Leanann ár laethanta cnuasaigh FGL ar aghaidh go dtí deireadh mhí an Mhárta, áit a ndéanfaimid iniúchadh breise ar an measúnú in OR na Sraithe Sóisearaí. Is treoir é an físeán seo a leanas maidir le hullmhú do do chnuaslá ar líne [anseo](#)

Prionsabail na Sraithe Sóisearaí Ag Foghlaim

An mhí seo, beimid ag díriú ar bpríomhphrionsabal Ag Foghlaim conas Foghlaim. Luaitear ar leathanach 11 den *Chreat don tSraith Shóisearach* (2015), faoin ngá atá le "cabhrú le scoláirí neamhspleáchas níos fearr a fhorbairt san fhoghlaim agus dul i ngleic le dúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil, le dúshláin an bhreisoideachais agus an tsaoil oibre."



Trí fhoghlaim conas foghlaim in OR, spreagtar na scoláirí tuiscint níos fearr a bheith acu orthu féin mar fhoghlaimoirí agus cabhrú leo a bheith níos muiníní, nasctha agus gafa lena gcuid foghlama. Mar mhúinteoirí OR, mar sin, tá sé mar aidhm againn an scoláire a chur i gcroílár an teagaisc agus na foghlama trí dheiseanna foghlama níos gníomhaí agus níos comhoibríche a fhorbairt do scoláirí. Agus é seo á dhéanamh againn, cruthaímid cothromaíocht idir forbairt ar eolas an ábhair agus forbairt na bpríomhscileanna.

Tá roinnt straitéisí foghlaimoir-lárnacha agus taithí ag an TFSS ar féidir le múinteoirí OR leas a bhaint astu chun deiseanna foghlama comhoibríocha agus neamhspleácha níos fearr a chur chun cinn do scoláirí. Tá siad ar fáil le híoslódáil ar https://jct.ie/jcis/classroom_strategies



@jct RE



www.jct.ie



info@jct.ie

Acmhainní Leabharlaine Chester Beatty

Chomhoibrigh Roinn Foghlama agus Oideachais Chester Beatty le Foireann Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí agus chomhchruthaigh roinnt acmhainní foghlama do churaclam an OR.

Áirítear orthu sin rochtain ar acmhainn nuashonraithe *Bealaí chun Feiceáil II*, a cuireadh in oiriúint do churaclam na Sraithe Sóisearaí; banc íomhánna ar líne agus spás tiomnaithe le heolas ar chroí-réimsí an churaclaim.



Lean an nasc thíos chun rochtain a fháil ar na hacmhainní seo: <https://chesterbeatty.ie/learning/schools-page/junior-cycle-religious-education/>

Chomhoibrigh Roinn Foghlama agus Oideachais

Is eipeasóid fuaimne focail labhartha, iad podchraoltaí, iad uile dírithe ar ábhar nó ar théama ar leith agus is bealach iontach iad chun rannpháirtíocht na scoláirí a mhéadú sa seomra OR. Is bealach éifeachtach é lena gcuid eolais a dhaingniú a iarraidh ar scoláirí a gcuid podchraoltaí OR féin a dhéanamh.

Úsáidtear podchraoltaí freisin chun faisnéis a sholáthar ar bhealach spráúil agus siamsúil agus foghlaim na scoláirí a leathnú le naisc chriticiúla ar fud thorthaí foghlama shonraíocht an OR.

In ionad a bheith ag brath ar ábhar scríofa amháin, tugann podchraoltaí deis do scoláirí - go háirithe iad siúd a bhfuil lagú amhairc nó deacrachtaí foghlama acu –níos mó roghanna a bheith acu maidir lena gcuid oibre agus tascanna a dhéanamh.

Ar an iomlán, mar uirlis foghlama dhigiteach, is bealach éifeachtach iad podchraoltaí chun faisnéis a ghlacadh isteach agus a chur i láthair a chabhróidh le scoláirí a choinneáil gafa ar feadh tréimhse níos faide.



OR agus na hEalaíona

Ar na laethanta cnuasaigh a bhí againn le déanaí, roinn múinteoirí samplaí de théamaí reiligiúnacha sa scannánaíocht, litríocht, ealaín agus ceol comhaimseartha. An mhí seo, beimid ag díriú ar cheol agus ar amhránaíocht mar uirlis a d'fhéadfadh a bheith cumhachtach agus cruthaitheach agus is féidir a thabhairt isteach sa seomra OR.



Ceann de na roghanna ceoil is coitianta ónár laethanta cnuasaigh go dtí seo eisiúint U2 in 1987, "I Still Haven't Found What I'm Looking For". Déanann an t-amhrán cur síos ar an turas atá ar siúl againn mar dhaoine agus muid ag iarraidh brí agus cuspóir a aimsiú sa saol, rud a thugann le tuiscint nach féidir leis na mianta saolta go léir



an cuardach áirithe seo a chomhlíonadh go hiomlán. Na bealaí a mbíonn daoine ag lorg an "rud éigin" sin agus na slite ina ndéanaimid iarracht é a fháil ar deireadh thiar ní bhíonn aon toradh sásúil orthu. Ó thaobh tionchair de, in "I Still Haven't Found What I'm Looking For" léirítear tionchair ó cheol gaspal sa chur síos a thugann sé ar an tnúthán spioradálta seo. Tá an t-amhrán ar cheann de thrí chlasaic U2 atá le feiceáil i vótaíocht le déanaí de na hamhráin is mó riamh, i gceann de na hirísí ceoil is mó meas ar domhan, *Rolling Stone*. Maidir le OR SS, d'fhéadfaí a théamaí a úsáid chun roinnt de na torthaí foghlama sa tsonraíocht a iniúchadh

Athfhriotal na Míosa

Bí cineálta nuair is féidir. Is féidir i gcónaí -Dalai Lama

Liosta Seoltaí

Má tá aithne agaibh ar aon chomhghleacaithe nach bhfuair an nuachtlitir seo, spreag iad le bhur dtoil chun clárú ar an liosta seoltaí againn anseo:

Le gach dea-mhéin,

Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh